

CULTÚRLANN

McADAM Ó FIAICH

# CLÁR NA FÉILE BEALTAINE

**BEALTAINE – MEITHEAMH | MAY – JUNE 2020**

zoom

## Focal Ón Stiúrthóir
## Word From The Director

'Ón osna is troime a thig an ceol is binne' de réir an tseanfhocail agus cé go bhfuil ábhair bhuairimh agus imní orainn ar fad san am dúshlánach seo is tógáil croí agus meanman é an borradh cruthaitheachta atá le sonrú sa phobal i gcoitinne, ach go háirithe i measc ár gceoltóirí agus ár n-ealaíontóirí. Anseo i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, cé go bhfuil na doirsí dúnta, tá muid tiomanta don chuid is fearr den cheol, den chultúir agus d'ealaín na tíre a chur ar fáil daoibh.

Agus sibh gafa sa bhaile, is deis iontach í seo snas a chur ar bhur gcuid Gaeilge agus tá ranganna ar líne curtha ar fáil againn do gach leibhéal. Tá neart imeachtaí dírithe ar theaghlaigh agus ar dhaoine óga, scéalta iontacha le Myra Zepf agus An tSnáthaid Mhór, gníomhaíochtaí ealaíona agus ár scoil cheoil ina measc. Beidh cheolchoirmeacha iontacha á reáchtáil againn mar cheiliúradh ar na féilte Ceilteacha ag toiseacht le Féasta na Bealtaine. Is cuma cén aois thú nó cén tsuim atá agat, tá iarracht déanta againn faoiseamh agus siamsaíocht a chur ar fáil duit. Cé go bhfuil muid scartha go



fisiciúil, is féidir linn a bheith le chéile fós le ceiliúradh a dhéanamh ar an fhás, ar an torthúlacht agus ar an nádúr le linn Fhéile na Bealtaine.

Tá sé tábhachtach dúinn, ag an am cinniúnach seo go dtacaítear le healaíontóirí agus ceoltóirí agus go gcruthaítear ardáin dóibh lena gcuid ceoil agus ealaíne a roinnt leis an phobal agus is cinnte go bhfuil siamsaíocht tuilte againn ar fad le linn na géarchéime seo. Is é ról na Cultúr-lainne an t-ardán sin a sholáthar, faoiseamh a thabhairt don phobal agus dlúthpháirtíocht a léiriú le healaíontóirí.

Níl sa chlár seo ach spleáchadh ar na himeachtaí spleodracha, éagsúla atá á gcur amach againn go rialta. Coinnígí súil ar ár gcuid shuíomhanna meáin shóisialta, tá rogha agus togha ann do gach duine. Bainigí sult as an chlár agus fanaigí slán!

'From the most sorrowful hearts comes the most beautiful music' or so the proverb goes, and even though we are all, undoubtedly, living through a very testing time the explosion of creativity and solidarity we have witnessed across the community offers us great hope and comfort. Here in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, even though our doors remain closed, we are determined that you can still have access to the very best of music, culture and art that this country has to offer.

As we are confined to our homes, this is a fantastic opportunity to begin your journey or brush up on your Irish and we have classes available online to meet the needs of every learner. This programme is packed full of activities geared towards families and young people; from amazing stories with Myra Zepf and An tSnatháid Mhór, online art activities and our music school. We will also provide concerts to coincide with the celtic festival, beginning with Bealtaine. It doesn't matter what age you are or interest you have, we have attempted to provide some relief and entertainment. Even though we may be apart, we can celebrate the growth, fertility and nature of Bealtaine.

It is important to us, at this difficult time, to support our musicians and artists and to provide them with a platform to share their talent with the world; we are all entitled to some enjoyment during this crisis. Our role is to provide that platform, to support the community and to show solidarity to our artists and musicians.

This programme only provides a glimpse of the wide-variety of events we're organising during this time. Please follow our social media platforms for the most up-to-date info on all of our events. Enjoy the programme and stay safe!




## An Ceathrú Póilí

Cé go bhfuil an siopa féin druidte don phobal faoi láthair, tá an siopa ar líne oscailte i rith an ama agus beo beathach!
Agus An Ceathrú Póilí ag ceiliúradh breis agus 30 bliain mar shiopa neamhspleách leabhair Ghaeilge, tá áthas orainn siopa ar-líne a chur ar fáil. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa sa tsiopa mar aon le cártaí ócáidí, CDanna agus féairíní Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríocht fáilteach é an siopa do leabharbháigh, ceardaithe agus éisteoirí ceoil – tá fearadh na fáilte romhat cuairt a thabhairt orainn!

The shop may be closed currently but our online shop is still very much open! Celebrating over 30 years, An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest book shop with a diverse catalogue of books from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, An Ceathrú Póilí is a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers – you are more than welcome!

WWW.ANCEATHRUPOILI.COM



## Coirnéal na litríochta le Myra Zepf agus an tSnathaid Mhór

Beidh saibhreas litríochta, dírithe ar dhaoine óga, á roinnt go rialta againn leis an údar iomráiteach Myra Zepf agus leis na foilsitheoirí iontacha an tSnáthaid Mhór. Beidh gníomhaíochtaí ealaíne leis an ealaíontóir Andrew Whitson agus scothscéalta ar fáil a chuireas gliondar ar óg agus ar aosta.

## Literature Corner with Myra Zepf and an tSnathaid Mhór

We will share the very best in Irish literature regularly, directed at young people with the renowned author Myra Zepf and the award winning publishers, An tSnáthaid Mhór. Art activities with artist Andrew Whitson will complement the amazing stories that will lift the spirits of young and old alike.

**GACH DÉ CÉADAOIN | 3PM**
**EVERY WEDNESDAY | 3PM**



## Ranganna Ealaíne

Ag tógáil ar ár gcumann nuálach ealaíne, cuirfear ceachtanna idirghníomhacha ealaíne ar fáil, iad éascaithe ag ealaíontóirí óga chun na páistí a chur ag péinteáil agus ag cruthú. Tá sé seo fóirsteanach do pháistí de gach aois agus is gníomhaíochtaí iontacha iad le lámha cruthaitheachta na bpáistí a chur i mbun oibre!

## Art Classes

Building on our very successful Youth Art Club, we will provide online, interactive art lessons, facilitated by young artists to get the kids creating! These activities are suitable for children of all ages.

**GACH DÉ CÉADAOIN | 3PM**
**EVERY WEDNESDAY | 3PM**



## Ranganna Gaeilge do dhaoine óga

Ceachtanna idirghníomhacha Ghaeilge curtha ar fáil do dhaoine óga nach bhfuil ag freastal ar Ghaelscoil. Bí ag leanstan Anna s'againne agus í ag dul do chluichí oideachasúla agus gníomhaíochtaí shultmhara.

## Irish classes for young people

Interactive Irish classes for young people who do not attend Irish medium schools. Follow Anna and she brings the young people on a fun journey with games and fun activities.

**GACH DÉ MÁIRT 5PM**
**EVERY TUESDAY 5PM**



## Airneál na nÓg

Gach seachtain trasna ár meáin shóisialta, beidh ranganna teagaisc ag dul amach a chuimsíonn an fheadóg stáin, scéalaíocht agus amhránaíocht a bhuí lenár sár éascaitheoirí, Edel Ní Churraoin, Seán Ó Muireagáin agus Diane Ní Chanainn.

## Airneál na nÓg

Every week across our social media, we will provide classes that covers the whistle, storytelling and singing thanks to our amazing teachers Edel Ní Churraoin, Seán Ó Muireagáin agus Diane Ní Chanainn.

**DÉ MÁIRT 3PM DÉARDAOIN 3PM**
**TUESDAY 3PM THURSDAY 3PM**

# COMÓRTAS GEARRSCÉALTA DO DHAOINE ÓGA

## Comórtas Gearrscéalta -

Ba dheas na hiontrálacha ar fad a bhí againn dár gcomórtas gearrscéalta do dhaoine óga faoin téama 'Caird-eas & Pobal'. Bhain ard-chaighdeán leis na scéalta ar fad agus bhain na moltóirí an-sult go deo as na scéalta a léamh! Buíochas mór lenár moltóirí, Myra Zepf agus Áine Nic Gearailt don rannóg 6 - 10 bliana d'aois agus leis an Ollamh Fionntán de Brún agus le Grainne Ní Ghilín a rinne moltóireacht ar an rannóg 11 - 14 bliana d'aois.

Beidh buaiteoirí le fógairt gan mhoill, coinnigh súil amach

## Short-story Competition

We were delighted by the volume and quality of the submissions for our short-story competition, on the theme of friendship and community. We are extremely grateful to our judges, Myra Zepf and Áine Nic Gearailt for the 6-10 year old category and Prof. Fionntán de Brún and Gráinne Ní Ghilín for the 11-14 year old category.

The winners will be announced shortly - please keep an eye out!

**DÉ LUAIN 4PM, DÉ CÉADAOIN 7PM, DÉ hAOINE 7PM**
**MONDAY 4PM, WEDNESDAY 7PM, FRIDAY 7PM**




## Laoi an Lae

Agus muid ar fad faoi dhianghlasáil, tá scoth na gceoltóirí agus n-amhránaithe traidisiúnta ag tabhairt laoi dúinn gach cúpla lá. Is bealach é lenár n-oidhreacht cheoil a chur chun tosaigh agus le bheith ag tacú lenár gceoltóirí agus ár n-amhránaithe traidisiúnta agus gigeanna caillte acu de dheasca na paindéime. Más ceoltóir thú agus tú ag iarraidh páirt a glacadh sa tsraith, gabh i dteagmháil le **bronagh@culturlann.ie**

## Song of the day

As we are all in lockdown, the very best musicians we have are sharing videos from their kitchens and gardens, giving us new songs to publish every couple of days. This provides us with an opportunity to promote our music and heritage and to support our musicians who have lost out in gigs and concerts during the pandemic. If you're a musician and would like to contribute to the series, contact **bronagh@culturlann.ie**

**DÉ LUAIN 4PM, DÉ CÉADAOIN 7PM, DÉ HAOINE 7PM**
**MONDAY 4PM, WEDNESDAY 7PM, FRIDAY 7PM**



## Coirnéal an Cheoil
## The Music Corner

Bígí linn achan Satharn nuair a chraolfar beo scoth an cheoil thraidisiúnta ó sár cheoltóirí agus sáramhránaithe ar ár leathanach facebook

Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians which will be streamed live on our Facebook page.

**GACH SATHARN | EVERY SATURDAY**
**1 - 2PM**

# Féasta na Bealtaine

## Féasta na Bealtaine

Agus muid ag ceiliúradh fhéile na Bealtaine, ag cothú fáis agus torthúlachta, is tráthúil dúinn tús a chur lenár sraith ceolchoirmeacha ar líne le scoth an cheoil a chur i láthair an phobail chomh maith le tacaíocht a thabhairt do cheoltóirí agus d'amhránaithe traidisiúnta sa tréimhse éiginnte seo. Tá na mná i lár an aonaigh sa cheolchoirm seo le Grainne Holland, Zoe Conway, Emma Ní Fhíoruisce agus eile i mbun ceoil. Cuirfear fáilte mhór roimh shíntiúis agus roinnfear gach pingin go cothrom i measc na gceoltóirí.

## Féasta na Bealtaine

As we celebrate the festival of Bealtaine (May), with its nourishing growth and fertility, it is the perfect time to start with our series of online concerts. This will present the very best of music and culture while giving us a chance to support our singers and musicians in these uncertain times. Women are to the fore of this concern with Gráinne Holland, Zoe Conway, Emma Ní Fhíoruisce among those leading the way.

We are asking you for contributions and all funds raised will be shared equally with all artists equally.

**DÉ HAOINE 1Ú BEALTAINE | 8:30PM**
**FRIDAY 1ST OF MAY | 8:30PM**

**NASC LE HAGHAIDH SÍNTIÚIS | DONATION LINK**
**http://paypal.me/culturlann**

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH

# GRIANSTAD AN tSAMHRAIDH

## Grianstad an tSamhraidh

Agus muid ag ceiliúradh ghrianstad an tsamhraidh, is ceart dúinn ár n-oidhreacht, ár gcultúr agus ár n-ealaíona a cheiliúradh fosta. Chuige sin, tá lúcháir orainn an dara ceolchoirm ar líne a chur i láthair an phobail le plúr na gceoltóirí agus na n-amhránaithe traidisiúnta.

Cuirfear fáilte mhór roimh shíntiúis agus roinnfear gach pingin go cothrom i measc na gceoltóirí.

## Summer Solstice

As we celebrate the longest day of the year with the arrival of the summer solstice, it is appropriate that we celebrate our rich heritage, culture and arts. To that end, we are delighted to present the second concert in our series with traditional musicians and singers at the very peak of their powers.

**DÉ hAOINE 19Ú MEITHEAMH | 8:30PM**
**FRIDAY 19TH OF JUNE | 8:30PM**

**NASC LE HAGHAIDH SÍNTIÚIS | DONATION LINK**
**http://paypal.me/culturlann**



## Súil Siar na Cultúrlainne
## Cultúrlann Throwback

Is iomaí rud a thit amach ar Bhóthar na bhFál agus sa Chultúrlann i gcaitheamh na mblianta. Tá muid ag tabhairt spléachadh ar bhlianta na Cultúrlainne i sraith úr 'Súil Siar na Cultúrlainne' ar na meáin shóisialta. Má tá grianghraif agaibh den Chultúrlann thar na blianta seol chugainn ar na meáin shóisialta nó ar ríomhphost chuig margaiocht@culturlann.ie le bhur dtoil. Tá muid ag súil go mór le hiad a fheiceáil!

Plenty of historic events have taken place on the falls rd and in the Cultúrlann over the years. We are keen to share memories of those events through our new series 'Súil siar na Cultúrlainne' on our social media platforms. If you have an old photograph or video you would like to share, please forward to margaiocht@culturlann.ie. We are really looking forward to seeing them!

**DÉ LUAIN 7PM, DÉARDAOIN 7PM**
**MONDAY 7PM, THURSDAY 7PM**



## Aontas Scríbhneoirí na Gaeilge
## The Union of Irish Writers

Sa chraoladh beo seo, spreagfar thú le dul i mbun pinn agus an file agus scríbhneoir iomráiteach Celia de Fréine ag labhairt linn faoi Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge. Beidh léamha againn fosta le baill an aontas lena n-áirítear Seán Ó Muireagáin, Réaltán Ní Leannáin, Eoghan Mac Giolla Bhríde, Eithne Ní Ghallchobhair agus eile.

In this livestream, you will find plenty of inspiration to get you writing again as the renowned poet and author, Ceilia de Fréine gives us a short lecture on the Union of Irish Writers. We will also have readings from other members of the union including Seán Ó Muireagáin, Réaltán Ní Leannáin, Eoghan Mac Giolla Bhríde, Eithne Ní Ghallchobhair and more.

**DÉ SATHAIRN 23Ú BEALTAINE | 2PM**
**SATURDAY 23RD MAY | 2PM**



## Muintearas Filíochta
## Belonging through Poetry

Ag teacht sna sála ar an chomórtas rathúil filíochta, d'fhógair muid go gcuirfí fáilte roimh dhánta ó gach cearn den tír. Ó shin i leith, tá saothar filíochta den scoth faighte againn a thugann misneach dúinn. Tá an togra seo ag dul ar aghaidh i rith an ama agus is féidir bhur ndánta a sheoladh chuig caoimhin@culturlann.ie

**Cuirfear amach ar ardáin éagsúla na Cultúrlainne iad**

Building from our hugely successful poetry competition, we have sought poems from every corner that we can share on our social media platforms. We have been overwhelmed by the volume and quality of the material submitted - keep them coming! You can forward your poems to caoimhin@culturlann.ie

**They will be shared across our social media platforms.**

# RANGANNA GAEILGE AR LÍNE

## IRISH CLASSES ONLINE



### Ranganna Gaeilge
### Irish Classes

Leanann ranganna Gaeilge na Cultúrlainne ar aghaidh, a bhuí leis an nuatheicneolaíocht! Tá cúrsa sé seachtaine ar fáil a chuimsíonn bunrang, meánrang agus rang comhrá. Tá táille £15 ar an chúrsa. Is féidir clárú ar **https://rangculturlann.eventbrite.ie** nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le **fionnuala@culturlann.ie**

Despite the lockdown, your hunger for learning Irish has not diminished and thanks to modern technology we can provide a 6 week long course which covers beginners, intermediate and a conversation class. There is a fee of £15 for the course. You can register at **https://rangculturlann.eventbrite.ie** or get additional information through contacting **fionnuala@culturlann.ie**

| | |
|---|---|
| **6Ú BEALTAINE - 10Ú MEITHIMH**<br>**6TH MAY - 10TH JUNE** | zoom |
| **GACH CÉADAOIN Ó 7PM GO 8:30PM**<br>**EVERY WEDNESDAY 7PM TO 8:30PM** | |



## Leideanna Foghlama
## Hints for Learning

Áis bhreise dóibh siúd atá ag foghlaim na Gaeilge, dírithe ar óg agus ar aosta. Tá an-ráchairt ar na postálacha laethúla seo, go háirithe i measc daoine a bhfuil páistí óga ar Ghaelscoileanna acu.

An additional resource for those of you learning Irish, both young and old. These posts have gained huge traction recently, especially among parents with children at Gaelscoileanna.

**DÉ MÁIRT AGUS DÉ hAOINE 10AM**
**TUESDAY AND FRIDAY AT 10AM**



## Ranganna amhránaíochta
## Singing Classes

Tá ranganna ceoil na Cultúrlainne faoi lán seoil arís. Ceoltar amhráin Ghaeilge (ar an sean-nós) arna gcóiriú ag Doimnic Mac Giolla Bhríde, an ceoltóir iomráiteach, a bhfuil Corn Uí Riada bainte aige. Beidh na ranganna saor in aisce agus mairfidh an cúrsa 6 seachtaine.
Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le **fionnuala@culturlann.ie**

The Cultúrlann singing classes are back! This class focuses primarily on the rich tradition of Sean-nós singing in Irish, prepared and delivered by the award-winning singer, Doimnic Mac Giolla Bhríde. There are no fees for these classes, which will run for 6 weeks. You can register or get more info by contacting **fionnuala@culturlann.ie**

| | |
|---|---|
| 7Ú BEALTAINE-11Ú MEITHIMH<br>7TH MAY - 11TH JUNE | zoom |
| GACH DÉARDAOIN Ó 6-7:30PM<br>EVERY THURSDAY 6-7:30PM | |

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

Foras na Gaeilge

arts council of Northern Ireland
LOTTERY FUNDED

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

Ag treisiú le togáil na Gaeilge
An Ciste Infheistíochta Gaeilge

Department for Communities
www.communities-ni.gov.uk